

Dónall Ó Conaill agus Fuascailt na gCaitliceach



■ Torthaí Foghlama

- Míniú na Péindlíthe.
- Tabhair sainmhíniú ar Fuascailt na gCaitliceach.
- Pléigh Cumann na gCaitliceach.
- Scrúdaigh cáipéisí príomhfhoinsé.
- Cuir smaointeoireacht chriticiúil i bhfeidhm.
- Déan ceangal le réamh-eolas agus leis an gceantar áitiúil.

■ Ábhair is féidir a phlé: Plé Beirte/Plé Grúpa

Nóta: Déanann an ceacht seo scrúdú breise ar ábhair atá laistigh den Amlíne agus an Léarscáil Idirghníomhach.

1. Déan ceangal le réamh-eolas agus leis an gceantar áitiúil.

- Cén eolas atá ar ag mic léinn cheana féin faoi na Péindlíthe?
- Ar fhág na Péindlíthe aon loirg fisiciúla ar an gceantar áitiúil? I measc na bpointí is féidir a phlé tá carraigeacha Aifrinn, scoileanna scairte, reiligí neamh-shainchreidmheacha lena n-áirítear Reiligí an Droichid Órga agus Ghlas Naíon. Is féidir leis an rang an t-ábhar seo a phlé níos doimhne trí chuardach a dhéanamh ar an mBailiúcháin Náisiúnta Béaloidis i dTionscadal Digitithe COBÁC (UCD), atá le feiscint ar <https://www.duchas.ie/>. Is féidir eochairfhocail a chuardach anseo (mar shampla iad siúd atá liostaithe mar phléphointí) chomh maith leis na tuairiscí ó na ceantair éagsúla.

2. Ag déanamh ceangal idir fadó agus inniu.

Sa lá atá inniu ann:

- Cé atá in ann a bheith tofa mar Theachta Dála?
- Cé atá in ann vótáil in olltoghcháin i bPoblacht na hÉireann?

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach ar:

https://www.citizensinformation.ie/en/government_in_ireland/national_government/houses_of_the_oireachtas/dail_eireann.html#186bf7

Fill ar an bpointe seo ag deireadh an cheachta agus cuir na dlíthe toghcháin nua-aimseartha i gcomparáid le dlíthe na seanlaethanta.

■ Na Péindlíthe: Cad a bhí iontu?

Sraith reachtaíochta a bhí sna Péindlíthe a chuir srian ar shaol Chaitlicigh Rómhánacha agus Easaontóirí Protastúnacha (mar shampla, Preispitéirigh nach raibh ina mbaill den Eaglais Bhunaithe). Cuireadh leis na dlíthe seo i rith an 17ú agus an 18ú haois. Rinne na Péindlíthe rialú ar go leor réimsí den saol: ina

measc úinéireacht talún, oideachas, adhradh reiligiúnach, vótáil, pósadh agus seilbh poist poiblí. In Éirinn, chiallaigh na dlíthe a chuir srian ar oideachas agus adhradh reiligiúnach gur minic a cuireadh oideachas ar fáil do leanaí i scoileanna scairte agus d'fhreastail daoine ar Aifreann faoi rún. Úsáideadh carraigeacha - ar a dtugtar carraigeacha Aifreann - mar altóirí i go leor ceantair. I measc na bpionós as na dlíthe seo a bhriseadh bhí fíneálacha nó príosúnacht, agus d'fhéadfaí daoine den chléir Chaitliceach a dhaorú chun báis. Aisghaireadh go leor de na dlíthe faoi dheireadh an 18ú haois ach d'fhan cuid acu i bhfeidhm, ina measc na dlíthe a chuir cosc ar Chaitlicigh a thoghadh mar Fheisirí Pharlaimint na Breataine.

■ Samplaí de na Péindlithe

Ní raibh cead ag Caitlicigh:

- Airm a bheith in a seilbh acu.
- Scoil a mhúineadh nó a bhunú.
- Protastúnach a phósadh.
- Vótáil.
- Capall ar luach níos mó ná £5 a bheith in a seilbh acu.

■ Cumann na gCaitliceach

Bunaíodh Cumann na gCaitliceach sa bhliain 1823. Bhí sé mar aidhm ag an mballra Fuascailt na gCaitliceach a bhaint amach: an ceart do Chaitlicigh freastal mar Fheisirí Pharlaimint na Breataine. Bhí Coiste na gCaitliceach ann roimhe sin ar a raibh uaisle agus gairmithe i mbun feachtais ar son Fuascailt na gCaitliceach ach níor éirigh leo siúd rud ar bith a bhaint amach. Ba bhall den choiste sin é Dónall Ó Conaill ach theastaigh uaidh eagraíocht nua a bhunú le ballraíocht níos leithne. Cuireadh fáilte roimh dhaoine ar mhian leo dul isteach i gCumann na gCaitliceach agus thosaigh an táille ballraíochta ag pingin sa mhí. Tugadh an 'Cíos Caitliceach' ar an táille seo a bhí ar acmhainn do chách ach amháin na daoine ba bhoichte sa tír. Mar gheall ar an líon an-mhór daoine a bhí páirteach ann, d'fhás Cumann na gCaitliceach ina ollghluaiseacht ar fud na hÉireann agus fuair sé tacaíocht ón Eaglais Chaitliceach. I measc gníomhachtaí an Chumainn, bhí feachtais toghcháin, achainíocha, cruinnithe síochánta agus léirsithe. Baineadh úsáid as an airgead a bhailíodh ó na táillí ballraíochta chun an obair seo a mhaoiniú.

Ní raibh cead ag Caitlicigh a bheith ina bhFeisirí Parlaiminte (MP). Mar sin féin, d'fhéadfadh Caitlicigh a raibh talamh ar cíós nó ina seilbh acu arbh fhiú níos mó ná 40 scilling (£2) vótáil i dtoghcháin. Sa bhliain 1828, fógraíodh fothoghchán i gContae an Chláir a thug deis don Chonallach agus do Chumann na gCaitliceach. Ba é William Vesey Fitzgerald MP Chontae an Chláir ag an am. Ba thiarna talún Protastúnach é a bhí i bhfabhar Fuascailt na gCaitliceach ach bhí rialtas na Breataine ag cur ina choinne. Chinn Ó Conaill seasamh i gcoinne Fitzgerald. Dá dtoghfaí é, chaithfeadh an rialtas aghaidh a thabhairt ar cheist na Fuascailte toisc gurbh Caitliceach é an Conallach.

Chuir Cumann na gCaitliceach feachtas ollmhór le chéile agus bhuaigh Dónall Ó Conaill an toghchán. Bhí vótáil poiblí i bhfeidhm ag an am seo agus roghnaíodh an t-iarrthóir os ard. (D'fhan sé mar seo go dtí gur thug Acht Ballóide 1872 vótaí ballóide rúnda isteach.)

Bhí Rialtas na Breataine i Westminster faoi cheannas an Diúc Wellington. Bhí faitíos orthu dá gcuirfí cosc ar O'Connell a bheith ina Fheisire Parlaiminte, go dtosódh éirí amach in Éirinn. Mar sin, rith Rialtas na Breataine an tAcht um Fhuascailt na gCaitliceach tríd an bParlaimint sa bhliain 1829, agus rinne siad an mionn a chuir cosc ar Chaitlicigh freastal mar MP a aisghairm. Ag an am céanna, áfach, méadaíodh an cháilíocht vótála in Éirinn: uathu siúd a raibh talamh ar cíós nó ina seilbh acu arbh fhiú níos mó ná £2 suas go dtí iad siúd a raibh talamh acu ar cíós nó ina seilbh acu arbh fhiú níos mó ná £10. Chaill go leor fear Caitliceach agus Protastúnach, go háirithe iad siúd ó na ranganna íochtaracha, a gceart vótála dá dheasca..

■ An raibh fios agat?

- Bhí dlíthe ann chomh maith a d'fhéadfadh cosc a chur ar Easaontóirí Protastúnacha a bheith ina n-oifigigh rialtais suas go dtí an bhliain 1828.
- Rugadh an Diúc Wellington in Éirinn agus chaith sé a óige ansin. Faigh amach an contae inar rugadh é agus cá ndeachaigh sé ar scoil.



Tom 'Macánta' Steele

Íomhá Uí Chonaill, le Steele ar thaobh na láimhe clé den íomhá. Íomhá le caoinchead Gailearaí Náisiúnta na hÉireann.

- Rugadh i gContae an Chláir é sa bhliain 1788.
- Cuireadh oideachas air i Scoil Ghramadach na hInse, i gColáiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, agus i gCambridge Sasana.
- B'immealtóir agus scoláire na Gréigise é.
- Dúradh gur fear thar a bheith ionraic a bhí ann, agus as sin a tháinig an leasainm.
- Ba Phrotastúnach é Steele agus thacaigh sé le Fuascailt na gCaitliceach. Ba Leas-Uachtarán Cumann na gCaitliceach é.
- D'oibrigh Steele leis an gConallach i nGluaiseacht na hAisghairme.
- In éineacht le Ó Conaill agus daoine eile, gabhadh Steele sa bhliain 1844. Beartaíodh ar 'Ollchruinniú' i gCluain Tarbh agus cé gur chuir Ó Conaill ar ceal é, fuarthas ciontach iad as suaithheadh (éirí amach a spreagadh) agus cuireadh i bpríosún iad ar feadh 3 mhí.
- Tar éis bás Uí Chonaill in 1847 agus é i mbaol féimheachta, chaith Steele é féin isteach in Abhainn Thames agus d'éag sé go tragóideach roinnt seachtainí ina dhiaidh sin ar an 15 Meitheamh 1848. Tugadh a chorp ar ais go Baile Átha Cliath agus cuireadh chun sosa é i dtuama in aice le Cloigtheach Uí Chonaill i Reilig Ghlas Naíon.

■ Príomhfhoinsí: Ag Obair mar Staráí

1. Seo thíos véarsa ó bhileog bailéad O'Connell's New Song on Catholic Emancipation.

Tá sé ar fáil sa Chartlann Náisiúnta. Insítear an bailéad seo ó dhearcadh an Chonallaigh agus téann sé siar go dtí aimsir Fuascailt na gCaitliceach (1829).

An raibh fios agat? Is amhrán nó dán a insíonn scéal é an bailéad. Go traidisiúnta, cuireadh bailéid i gcuimhne agus cuireadh ar aghaidh chuig an gcéad ghlúin eile iad.

'I have roll'd up a mill-stone against a steep mountain,
By the assistance of O'Gorman Mahon and Sheil,
Back'd by John Lawless of the Order of Liberators,
And the praise-worthy champion brave Thomas Steel.
When we had it at the pinnacle we were sure of being victorious,
We had 7 million Catholics to roll it down headforemost
Going to the City of London we heaved it on before us
It being the conditions of Erin go Bragh.'

■ Obair Beirte / Grúpa



- I do thuairim, cad tá á thagairt ag céad line an bhailéid seo?
- An aithníonn tú aon cheann de na hainmneacha a luaitear? Agus an t-eolas seo á úsáid agat, an bhféadfá buille faoi thuairim a thabhairt faoi ról na ndaoine eile a luaitear sa bhailéad seo?
- 'We had 7 million Catholics to roll it down headforemost'. Tá tagairt á dhéanamh ag an líne seo do thacaíocht Chumann na gCaitliceach. Conas a d'fhás Cumann na gCaitliceach chun bheith ina ollghluaiseacht?
- An bhfuil samplaí tuairime le feiscint sa théacs seo?
- Tagann an bailéad seo ón am nuair ba nuachtáin agus ó bhéal iad na príomh-mheáin cumarsáide. Dá bhrí sin, an raibh ról láidir ag bailéid agus amhráin i gcur in iúl smaointe na linne? Déan plé ar na ceseanna seo.
- An raibh an cineál cumarsáide seo ar fáil ag mórán daoine? (Smaoinigh ar na buntáistí a bhaineann le bailéid, amhráin agus dánta i gcomparáid le faisnéis nach mór a léamh.)
- Cad iad na buntáistí agus na dúshláin a bhaineann le bailéid a úsáid mar fhoinsí stairiúla?

Tá roinnt téarmaí i **Liosta na nEochairfhocal** úsáideach agus príomh-fhoinsí á bplé agus á meas agat.

2. Sleachta as tuarascáil i bhFinns' Leinster Journal, Dé Sathairn, 28 Meitheamh, 1828

TOGHCHÁN AN CHLÁIR – AN tUAS. Ó CONAILL

'Chuaigh An t-Uas. Ó C, in éineacht le toscaireacht mór de na baill is mó tionchair sa Chumann, síos chun an Contae a chanbhás go luath sa tseachtain. Tosaíonn an toghchán Dé Luain. Idir an dá linn, tionóladh cruinnithe go laethúil sna paróistí éagsúla, inar léiríodh díograis mhór agus comhaontacht meon chun an tUasal Fitzgerald a choimeád amach agus chun an t-Uasail Ó Conaill a thoghadh ina áit. Is beag duine a bhfuil amhras orthu go n-éireoidh leis.'

'...Beidh ar An Uas. Ó C an mionn a ghlacadh, agus ar ndóigh diúltóidh sé le fearg. Dearbhófar ansin go bhfuil an toghchán ar neamhní.'

'Sé seo an beart is tábhachtaí a glacadh riamh chun iallach a chur ar an bParlaimint breithniú tromchúiseach a dhéanamh ar éagóir dlíthe an eisiata,

agus ar mhaslú uafásach na mionn a dhúnann doirse an tSeanaid i gcoinne Caitlicigh. Is mór an t-iontas dúinn nach bhfeiceann an bhaicle Éireannach agus uaisle Shasana an baol ón iompar atá á dhéanamh acu maidir le hÉirinn in aois na tuisceanna atá ann faoi láthair...'

'Ba chóir dúinn (a deir an Edinburgh Review) an cás seo a phlé le Tiarna Thoraí rialta, a thugann a vóta go seasta i gcoinne ceist na gCaitliceach. Tugaim faoi deara nach gcuireann an eagla amháin ort éirí as ar cheist na gCaitliceach a réiteach.... Ar mhaith leat féachaint ar sé nó seacht míle Francach nó Meiriceánach ag teacht i dtír in Éirinn, agus cúnamh ceannairce á fháil acu ó Chaitlicigh uile na tíre?'

Ceisteanna

- Céard iad na gníomhartha feachtais a luaitear sa tuarascáil seo?
- I do thuairim, an dtacaíonn tuairisceoir an nuachtáin le Dónall Ó Conaill? Bain úsáid as fianaise ón bhfoinse chun tacú le do fhreagra.
- Luann an tuarascáil seo 'dlíthe an eisiata'. An féidir leat a mhíniú cad a bhí iontusan?

- d. Déanann an tuarascáil seo tagairt do 'aois na tuisceanna atá ann faoi láthair'. Ceangal le do chuid staidéir ranga. Cad a bhí ann in Aois na Tuisceanna? An féidir leat smaoineamh ar shamplaí, i dtíortha eile, nuair a throid daoine ar son cearta agus comhionannais le linn Aois na Tuisceanna?
- e. Tá ceist sa líne dheiridh. Dar leis an scríbhneoir san Edinburgh Review, cad a tharlódh muna gceadófaí Fuascailt na gCaitliceach?

3. The Freeman's Journal, Dé Céadaoin, 9 Iúil, 1828

Ag leathuair tar éis a sé a chlog, tháinig an Sirriam an tUasal Kestinge, agus a Mheasúnóir Léannta ag freastal air, isteach sa Chúirt agus ghlac sé a shuíocháin. Shuigh na hiarrthóirí ar thaobh na láimhe deise agus na láimhe clé den Sirriam. Is é staid an vótaíochta, adúirt an t-Ard-Shirriam - Toghthóirí uaisle an Chláir -

Líon comhlán do Dhónall Uasal Ó Conaill - 2, 057

Ditto do V. Fíor-Onórach Fitzgerald - 982

Dearbhaím anois go bhfuil Dhónall Uasal Ó Conaill tofa go cuí mar Ridire chun ionadaíocht a dhéanamh ar son an chontae seo sa Pharlaimint. (Ag croitheadh hataí agus ciarsúir go hanamúil ar feadh roinnt nóiméad).

- a. Le móramh cé mhéad vóta a bhuaigh An Conallach?

■ Gníomhaíochtaí Ceachta Ginearálta

Cruthaigh

1. Scríobh achoimre ag míniú na n-imeachtaí a raibh Fuascailt na gCaitliceach mar thoradh orthu sa bhliain 1829.

Pléigh

1. Cén tionchar a bhí ag na Péindlíthe ar saol agus sochaí na tíre fadó?
2. Cad a cheapann tú faoin gcóras vótála poiblí a bhí i bhfeidhm sna seanlaethanta? Cén fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar an gcóras seo?
3. Bhí an ceart vótála bunaithe ar cháilíochtaí maoinne fadó. Cad iad na grúpaí daoine nach raibh an vótá acu dá bharr?

(Ní tagairt ag an bhfaisnéis anseo ach d'fhir amháin mar ní raibh aon ceart vótála ag mná. Chun tuilleadh eolais a fháil ar an troid ar son vótaí do mhná, féach ar an Ábhar Ceachta faoi na Sufragéidí.)

Machnamh 3-2-1

Déan Liosta de:

- 3 – Na fíricí a d'aimsigh tú.
- 2 – Na dúshláin a bhíonn roimh staraithe agus cáipéisí príomhfhoinsé á n-úsáid acu.
- 1 – Na ceangail idir an ceacht seo agus an fhaisnéis a ndearna tú staidéar air nó a bhfaca tú roimhe seo.

■ Léamh Breise

- The Dictionary of Irish Biography: Daniel O'Connell
<https://www.dib.ie/biography/oconnell-daniel-a6555> scríofa ag Gearóid Ó Tuathaigh.